# Glór

Meitheal Pleanála Teanga An Iarthuaiscirt

Meitheal Pleanála
Teanga an Iarthuaiscirt
An Crannóg
Srath na Corcra
Doirí Beaga
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall

074 9560620 / 087 2491101

Aibréan 2024

*Buanú agus neartú na Gaeilge san Iarthuaiscirt*


## Comórtas Abair Leat in Amharclann Ghaoth Dobhair

Bhí lúchair mhór orainn tacaíocht a thabhairt do Mhuintearas leis an comórtas Abair Leat a d'eagraigh siad in Amharclann Ghaoth Dobhair do dhaltaí bunscoile agus méanscoile ar na mallaibh. Rinne John Ó Fearraigh ó Mheitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt chomh maith leis an scéalaí Bridanna Ní Bhaoill moltóireacht ar chomórtas scéalaíochta. Rinne Eoghan Mac Giolla Bhríghde agus Eilín Uí Bhaoill moltóireacht ar chomórtas dramaíocht. Bhí Gearóid Ó Maonaigh i mbun moltóireachta ar chomórtas amhránaíocht. Bhí comórtas géar idir na daltaí uilig agus is cinnte gur bhain siad sult as an lá!






# Baint ag Oifigeach Pleanála Teanga MPTIT le sraith podchraoltaí náisiúnta pleanála teanga (Craic Pod)


Tá baint ag Oifigeach Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt John Ó Fearraigh le sraith podchraoltaí náisiúnta darbh ainm Craic Pod.

Cuireadh tús leis an tsraith podchraoltaí ar an 1ú Bealtaine a bhfuil baint ag Oifigigh Pleanála Teanga ó cheann ceann na tíre leis. Beidh réalta móra le rá a chur faoi agallamh idir réalta móra i saol an spóirt, saol an cheoil, saol na scríbhneoireachta, saol an damhsa, saol na filíochta srl.

I measc na réalta móra a bheas faoi agallamh tá iar-chaptaen Chiarraí agus bainisteoir réigiún an deiscirt le RTÉ Ráidió na Gaeltachta Dara Ó Cinnéide, an ceoltóir Séamus Ó Flátharta, an scríbhneoir agus an file Réaltán Ní Leannáin, an rinceoir Siobhán Ní Dhuinnín, an léachtóir agus an file Dubhán Ó Longáin chomh maith leis an Reachtaire, ceoltóir agus scríbhneoir Gary Hastings.




# Mór-thionól do na hOifigigh Pleanála Teanga i mBaile an Fheirtéaraigh, Corca Dhuibhne




Bhí Oifigigeach Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt i láthair ag Mór-thionól Náisiúnta do na hOifigigh Pleanala Teanga i mBaile an Fheirtéaraigh, Corca Dhuibhne le gairid.

Bhí béim faoi leith ar théama an teaghlaigh sna cur i láthair a bhí ann le cainteanna ó Tuismitheoirí na Gaeltachta, Tús Maith srl.

D'fhreastal an t-Oifigeach Pleanála Teanga ar imeacht ag Ard Fheis na n-Óg a bhí ar siúl an tseachtain céanna. Bhí imeacht eagraithe ag Conradh na Gaeilge do na hOifigigh agus na daoine óga - BiongÓPT! Biongó a bhí ann bunaithe ar théama na hOPTanna.

# Comhghairdeas le daltaí Pobalscoil Ghaoth Dobhair a ghlac páirt i gCraobh Chomórtas Domhanda VEX Robotics i Dallas, Texas

Comhghairdeas le daltaí Pobalscoil Ghaoth Dobhair a ghlac páirt i gCraobh Chomórtas Domhanda VEX Robotics i Dallas, Texas. Ocáid nach ndéanfaidh siad dearmad air go deo. Maith sibh uilig!




# Grúpa Túistí & Tachráin in Ionad Pobail Chnoc Fola



# Cur aithne ar Moya

Moya Ní Ghallachóir as Dún Lúiche atá ag obair mar chuntóir teanga na laethanta seo. Ainmníodh Moya mar Chailín Ghaelach Thír Chonaill ag Comórtas Peile na Gaeltachta Dhún na nGall ar na mallaibh agus beidh sí anois ag déanamh ionadaíochta ar son Dún Lúiche, paróiste Ghaoth Dobhair agus contae Dhún na nGall i gComórtas Náisiúnta Peile na Gaeltachta i gCill na Martra, Muscraí i rith deireadh na seachtaine na bhFéile Bainc i mí Meitheamh. Ba mhaith linn comhghairdeas mór a ghabháil le Moya agus gach ádh a ghuí uirthi i gceann cúpla seachtaine. Déanann sí cur síos thíos ar cuid do na suimeanna ata aici sa tsaol.

# Lá Glantacháin 14.05.2024

Paróiste Ghaoth Dobhair

**Beidh daoine óga ó Pobalscoil Ghaoth Dobhair, in éineacht le hoibrithe deonacha pobail, ag dul amach le bruscar a bhailiú ar thaobh an bhealaigh mhóir ar fud an pharóiste ar an 14ú.**

**Chun páirt a ghlacadh, cuir in iúl dúinn cén áit a bheidh tú ag glanadh agus buail isteach chun lámhainní agus málaí bruscair a bhailiú.**



# Aoi na hAoine





## MUINTEARAS

Togra Oideachas Gaeltachta
Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair,
Na Dóirí Beaga,
Leitir Ceanainn,
Tír Chonaill.

## CÚRSA BUNÚSACH GARCHABHRACH

## BASIC FIRST AID COURSE

*Tá an cúrsa saor in aisce*



*Áiteacha Teoranta/*
*Spaces are limited.*

*Dáta:*
**Dé Céadaoine, 22ú, Bealtaine 2024**

*Am:*
**19:00 i.n. - 22:00 i.n.**

*Ionad:*
**Muintearas Thír Chonaill,
Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair
Na Dóirí Beaga.
F92C662**

Tuilleadh eolais ag 0749532578 / 9532579
donal@muintearas.com
Facebook: Muintearas Thír Chonaill